Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council

**CEANTAR BARDASACH CHARRAIG MHACHAIRE ROIS – BHAILE NA LORGAN**
**COMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN, OIFIGÍ CATHARTHA, BÓTHAR CHOIS ABHANN, CARRAIG MHACHAIRE ROIS**
**FÓN: 042 9661236 R-PHOST: CARRICKMACROSS@MONAGHANCOCO.IE**

# IARRATAS AR CHEAD PÁIRCEÁLA ÁITRITHEORA I gCARRAIG MHACHAIRE ROIS

**Ainm:** ______________________________________________________________

**Seoladh:** ______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Teileafón** ______________________________________________________________

**Uimh. Chláraithe Feithicle:** ___________________ **Déanamh /Cineál na Feithicle:** ________________

**An é an seoladh thuasluaite d'áit chónaithe bhuan?** **TÁ** ☐ **NÍL** ☐

**Cé chomh fada, a bheag nó a mhór, a bhfuil cónaí ort ag an seoladh seo?** ______ **Bliain**_______ **Mí**

**Sa chás nach tusa úinéir na réadmhaoine, tabhair dúinn na sonraí seo a leanas:**

**Ainm agus Seoladh an Úinéara:**

____________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**An bhfuil cáin ar d'fheithicil faoi láthair?** **TÁ** ☐ **NÍL** ☐

**Luaigh Uimh. Chláraithe an Diosca Mhótarchánaigh:** __________________________

Ba mhaith liom cur isteach ar Chead Páirceála Áitritheora i gCeantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois - Bhaile na Lorgan. Tá cónaí orm ag an seoladh thuasluaite, atá lonnaithe laistigh de Cheantar Páirceála ainmnithe Dhá Uair an Chloig. Tugadh le fios dom go gcaithfidh mo chead páirceála a bheith ar taispeáint san fheithicil a shonraítear san iarratas seo aon am a bhíonn an fheithicil páirceáilte ar Shráid **__________________, Carraig Mhachaire Rois** ar na laethanta agus le linn na n-amanna a mbíonn na srianta i bhfeidhm.

***Leis seo, dearbhaím go bhfuil na sonraí thuasluaite cruinn.***

**Síniú ___________________________________________ Dáta ________________________**

***Ní mór do na sonraí thuasluaite na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:***

- Cead amháin ar a mhéad in aghaidh an áitribh
- Ní mór go mbeadh cónaí ar an iarratasóir san áitreabh
- Ní féidir le haon spás páirceála a bheith ar fáil laistigh de chúirtealáiste an áitribh – le dearbhú ag iniúchadh LA
- Ní mór don iarratasóir cóip dá Láncheadúnas Tiomána reatha nó dá Cheadúnas sealadach Tiomána a sholáthar
- Ní mór don iarratasóir cóip dá Theastas Árachais reatha le haghaidh na feithicle a sholáthar, ní mór go mbeadh an seoladh ar an Teastas Árachais ag teacht le seoladh an áitritheora sa cheantar páirceála rialaithe lena mbainfidh an cead
- Ní mór don iarratasóir cruthúnas cónaithe a sholáthar - bille fóntais nó ráiteas airgeadais (ón mBanc nó ón gComhar Creidmheasa) nó cóip de léas nó comhaontú cíosa atá sínithe ina iomláine (bailí ar feadh breis is 6 mhí), a bhfuil ainm agus seoladh an iarratasóra air, an seoladh céanna atá sa cheantar páirceála rialaithe lena mbainfidh an cead páirceála áitritheora. Ní mór do bhillí fóntais agus do ráitis airgeadais dáta laistigh de na **3 mhí** dheireanacha a bheith orthu, ón data a chuirtear an t-iarratas isteach. Ní ghlactar le ráitis ó chártaí siopa/ó chomhlachtaí catalóige nó le billí Fón Póca. Ní ghlactar le Cárta Seirbhísí Poiblí
- Tá an cead le bheith ar taispeáint san fheithicil an t-am ar fad
- Ní bhaineann an cead ach leis an bhfeithicil a shonraítear san iarratas
- Tá an cead bailí ar feadh 12 mhí ar a mhéad

## <u>Cáipéisí Tacaíochta nach mór a chur isteach leis an Iarratas:</u>

1. Cóip de chárta aitheantais a bhfuil grianghraf air (Ceadúnas Tiomána nó Pas)
   Tabhair faoi deara nach nglacfar le Cárta Seirbhísí Poiblí. ☐

2. Cóip de Theastas Árachais reatha na feithicle. Caithfidh an seoladh ar an Teastas Árachais teacht le seoladh an áitritheora. ☐

3. Cruthúnas cónaithe - Bille fóntais / ráiteas airgeadais a fuarthas le deireanaí (ar a bhfuil dáta laistigh de na 3 mhí dheireanacha ón dáta a cuireadh an t-iarratas isteach)/ cóip de léas nó de chomhaontú cíosa atá sínithe ina iomláine (bailí ar feadh 6 mhí ar a laghad). Tabhair faoi deara nach nglactar le billí fón póca ná le ráitis ó chártaí siopa/ó chomhlachtaí catalóige. ☐

4. Cóip den Deimhniú Ceadúnaithe Feithicle / den Leabhar Cláraithe ☐

**Cuir an t-iarratas comhlánaithe agus na cáipéisí tacaíochta uilig chuig:**

**Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois – Bhaile na Lorgan, Oifigí Cathartha, Bóthar Chois Abhann, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, A81 RY22. <u>Caithfidh</u> iarratasóirí atá ag déanamh iarratais den chéad uair teacht isteach go pearsanta chun é a dhéanamh.**

---

**<u>LE HAGHAIDH ÚSÁID OIFIGIÚIL:</u>**

**Tuairisc an Innealtóra: -**

Rinne mé iniúchadh ar an áitreabh thuasluaite agus dearbhaím nach bhfuil spásanna páirceála ann laistigh de chúirtealáiste an áitribh.

Síniú: ________________________________ Dáta: ______________________________________

---

Uimh. Cheada: _______________ Dáta: __________________

**Achtanna Cosanta Sonraí 1988 -2018 (arna leasú) agus na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)**

**<u>Ceadanna Páirceála Áitritheora</u>**

**Fógra an Ábhair Sonraí**

**<u>Cúlra</u>**

Is é cuspóir an fhógra seo roinnt faisnéise a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a mbailíonn agus a bpróiseálann Comhairle Contae Mhuineacháin do chuid sonraí. Le linn ár ngníomhaíochtaí, baileofar, stórálfar agus próiseálfar sonraí pearsanta faoi úsáideoirí seirbhíse, agus is í Comhairle Contae Mhuineacháin an t-aonad rialaithe sonraí maidir leis na sonraí sin.

Cruthaíonn, bailíonn agus próiseálann Comhairle Contae Mhuineacháin líon suntasach 'sonraí pearsanta' agus 'sonraí pearsanta íogaire' i bhformáidí éagsúla gach lá. Táimid tiomanta don mhéid seo a leanas a chinntiú ó thaobh sonraí pearsanta de:

- Go bhfuarthas ar bhealach dlíthiúil, cóir agus trédhearcach iad
- Gur bailíodh chun críocha sonraithe, soiléire agus dlisteanacha iad,
- Go bhfuil siad sásúil, ábhartha agus riachtanach chun na críche a bhfuarthas iad,
- Go ndéantar iad a thaifeadadh, go stórálfar go cruinn iad agus go gcoinnítear cothrom le dáta iad, nuair is iomchuí,
- Nach gcoinnítear iad ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá, agus, go gcoinnítear iad i bhfoirm inar féidir an t-ábhar sonraí a aithint,
- Go bpróiseáiltear iad ar bhealach a chinntíonn slándáil chuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach na sonraí.

Chun na sonraí uilig maidir le bailiú, próiseáil agus roinnt do shonraí pearsanta agus maidir le do chearta i dtaca leis sin a fháil, féach an Fógra Príobháideachais iomlán ar ár suíomh gréasáin.

**<u>Na sonraí a bhailítear agus a phróiseáiltear</u>**

I measc na sonraí pearsanta a bhailítear agus a phróiseáiltear, tá: ainm, seoladh, cóip den leabhar cláraithe feithicle, uimhir theagmhála agus seoladh r-phoist.

**<u>Cén fáth a mbailítear na sonraí pearsanta seo?</u>**

Bailítear agus próiseáiltear an fhaisnéis seo ar mhaithe leis an gcaidreamh eadrainn a bhainistiú agus a riar, chun d'iarratas ar chead páirceála a mheas

**<u>Dlíthiúlacht na próiseála</u>**

Próiseáiltear na sonraí pearsanta seo faoi

- [Airteagal 6 1 (a) RGCS]
- agus de réir an údaráis oifigiúil a dhílsítear ionainn mar an aonad rialaithe sonraí faoi na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh) 1997 agus faoi Fhodhlíthe Chomhairle Contae Mhuineacháin um Rialú Páirceála (Páirceáil Iníoctha) 2014.

**<u>Sonraí Pearsanta a Roinnt</u>**

Is féidir linn do Shonraí Pearsanta a roinnt le tríú páirtithe ar leith, ina measc sin na Coimisinéirí Ioncaim, mar shampla, agus gníomhaireachtaí rialtais eile, sa chás go bhfuil ceangal dlí orainn é sin a dhéanamh. Is féidir linn freisin do chuid sonraí a roinnt le hÚdaráis Áitiúla, le soláthraithe agus le tríú páirtithe eile a chabhraíonn linn ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Gheofar tuilleadh eolais maidir le roinnt do shonraí pearsanta inár bhFógra Príobháideachais atá ar fáil ag: Fógra Príobháideachais

Má tá aon cheisteanna agat maidir le próiseáil do Shonraí Pearsanta, is féidir dul i dteagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí

ar ríomhphost: dataprotectionofficer@monaghancoco.ie

ar an bhfón: (047) 73765

Seoladh Poist: Comhairle Contae Mhuineacháin, Oifigí an Chontae, An Gleann, Muineachán